Coimisiún na Meán

# Pacáiste Eolais

Treoirlínte d’iarratasóirí le coinneáil sábhailte ar líne le linn toghchán

Bealtaine 2024

# Maidir le Coimisiún na Meán

Coimisiún na Meán

Áisíneacht Éireannach chun craoltóirí, seirbhísí ar éileamh agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán, is ea Coimisiún na Meán. Táimid ag oibriú chun tírdhreach éagsúil, sábháilte a bhfuil borradh faoi a fhorbairt agus a rialú.

Tá sé de chuspóir ag ár gCreat Sábhailteachta ar Líne iompar na n-ardán a athrú. Tá sé de chumas ag an gCreat píonóis láidre a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear fineálacha atá suntasach, nuair a sháraítear rialacha. Tá Ionracas agus Bréagaisnéis Toghcháin ar cheann dár bpríomhthosaíochtaí i mbliana.

www.cnam.ie/ga

Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste seo eolas a chur ar fáil d'iarratasóirí a bheidh ag seasamh sna toghcháin in Éirinn.

Cuirtear meabhrúchán ar fáil inti faoin méid a d'fhéadfaí a dhéanamh nuair a fhaigheann tú ábhar dochrach agus/nó mídhleathach ar líne agus cuirtear eolas ar fáil faoin ról go bhféadfadh Coimisiún na Meán a ghlacadh ina leith seo.

Déantar iniúchadh ar do chearta freisin nuair a bhaineann ardán do ráiteas anuas, m.sh sa gcás go bhfuil an ráiteas ag dul i gcoinne a gcaighdeán féin don phobal, más fíor.

# Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann?

Coimisiún na Meán

Le Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, beidh seirbhísí digiteacha freagrach as an gcaoi a gcosnaíonn siad daoine ó dhochar potéinseal nó ábhar mídhleathach ar líne.

D'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair fios a bheith agat go bhfuil roinnt píosaí reachtaíochta ann chun tú a chosaint ó hábhar nó iompraíocht dhochrach nó mídhleathach.

Tá trí phíosa reachtaíochta ábharach don Chreat:

- An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha an AE (ASD)
- Rialachán an AE maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne
- An tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus um Rialáil Meáin, 2022

Is féidir tuilleadh eolas mionsonraithe faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne a fháil anseo: www.cnam.ie/ga/sabhailteacht-ar-line.

# Achoimre ar a bhfuil le déanamh nuair a fhaigheann tú amharc ar ábhar atá mídhleathach

Coimisiún na Meán

- Má thagann ábhar atá **mídhleathach** faoi do bhráid ar líne, ba cheart duit é a **thuairisciú** ar an ardán. Féach sleamhnán 8 chun tuiscint a fháil ar a bhféadfadh a bheith mídhleathach in Éirinn. Féach sleamhnán 12 chun tuiscint a fháil ar conas ábhar mídhleathach a thuairisciú. Má tá imní ort faoi do shábháilteacht, déan teagmháil leis an nGarda Síochána ar 999 nó 112.
- Más rud é go bhfuil rud éigin atá ag déanamh dochair, ach níl sé mídhleathach, d'fhéadfadh sé a bheith ina shárú ar **rialacha an ardáin** nó d'fhéadfadh sé a bheith ina shárú ar chaighdeáin an phobail, agus is féidir leat é a thuairisciú ar an ardán freisin (féach sleamhnán 12).
- Mar iarratasóir toghcháin, tá eolas agus tacaíocht ar chuid de na hardáin mhóra duit maidir lena n-iarrachtaí chun cosaint a dhéanamh ar ionracais toghcháin (féach sleamhnán 14).
- A luaithe a thuairiscíonn tú ábhar dochrach nó mídhleathach, ní mór don ardán **cinneadh** a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar dhéileáil sé le do thuairisc, agus fáthanna a leagan amach lena chinneadh. Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.
- Ní mór don ardán a chur in iúl duit freisin má chuireann siad **srian le d'ábhar**, mar shampla d'ábhar a bhaint anuas, a chur as feidhm, nó ísliú céime a thabhairt dó.
- Más rud é go bhfuil tú míshásta lena gcinneadh tar éis tuairisc a dhéanamh nó srian a bheith curtha le hábhar, is féidir achomharc a lorg maidir leis an gcinneadh sin leis an ardán. Ba cheart go mbeadh sé soiléir duit conas é seo a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh sé éasca an córas achomhairc seo a aimsiú.
- Má cheapann tú gur theip ar an ardán na céimeanna seo a ghlacadh, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán (sleamhnán 15). Má tá ceist agat agus má theastaíonn uait teagmháil a dhéanamh linn i gcaitheamh na tréimhse toghcháin, tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe cruthaithe againn gur féidir a úsáid chun é seo a chur in iúl dúinn. Tabharfaimid tús áite do fhreagraí chuig an seoladh ríomhphoist seo (sleamhnán 15).

# Cásanna féideartha

Coimisiún na Meán

**1) Tá duine éigin do mo chiapadh ar líne, agus tá an duine sin ag scríobh teachtaireachtaí bagracha, maslacha agus teachtaireachtaí nach bhfuil aon fhírinne iontu faoi mo phostálacha. Tá faitíos orm agus tá imní orm go mbeidh tionchar aige seo ar an seans go dtoghfar mé.**

D'fhéadfadh cuid de na teachtaireachtaí seo a bheith mídleathach. Tuairiscigh gach postáil chuig an ardán agus nuair is cuí, roghnaigh 'ábhar atá mídhleathach'; sa chás sin, caithfidh tú foirm thuairiscithe ar leith a chomhlánú (féach sleamhnán 12). Má tá imní ort faoi do shábháilteacht, dean teangmháil leis an nGarda Síochána ar 999 nó 112

Mura bhfuil tú in ann teacht ar an mbealach le hachomharc a dhéanamh, déan teagmháil le Coimisiún na Meán ag politicalrep@cnam.ie nó glaoigh ar + 353 1 963 7755

2) **Baineadh mo phostáil anuas agus níl mé sásta leis sin. Tá tionchar aige sin ar mo shaoirse cainte agus ar an seans go dtoghfar mé.**

Ní mór d'ardán a chur in iúl duit má bhaineann siad d'ábhar anuas nó má thugann siad ísliú céime dó bunaithe ar mhídhleathacht nó sárú ar rialacha an ardáin a mhaítear a bheith ann. Ní mór do gach ardán córas a bheith acu lenar féidir leat achomharc a lorg maidir leis an gcinneadh sin. Bain úsáid as an gcóras sin ar an ardán.

Mura bhfuil tú in ann teacht ar an mbealach le hachomharc a dhéanamh, déan teagmháil le Coimisiún na Meán ag politicalrep@cnam.ie nó glaoigh ar + 353 1 963 7755

# Céard is brí le hábhar atá mídhleathach?

Coimisiún na Meán

- Bíonn ábhar mídhleathach sa gcás go sáraítear dlí na hÉireann nó Bhallstát eile de chuid an AE, nó dlí de chuid an AE.

- Is iad seo a leanas roinnt cionta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh i gcomhthéacs toghchán: **pearsanú ar líne** (alt 7 (1) den Acht um Chionta Gadaíochta agus Calaoise 2001, **nochtadh sonraí pearsanta** neamhúdaraithe (alt 145 den Acht um Chosaint Sonraí).

- Féach an chéad sleamhnán eile le haghaidh tuilleadh samplaí d'ábhar mídhleathach. Ní liosta uileghabhálach atá sna samplaí d'ábhar a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach atá sa tábla seo.

# Cad atá mídhleathach?

Coimisiún na Meán

| Má tá an t-ábhar … | D’fhéadfadh sé a bheith mídhleathach faoin … |
|---|---|
| Bagairt inchreidte foréigin | Alt 5 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| Cuid d’fheachtas maidir le ciapadh (cosúil le cibearbhulaíocht) | Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| Cumarsáid bhagrach nó thar a bheith maslach | Alt 4 den Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhíobhálach agus Cionta Gaolmhara 2020 |
| Bagairteach, ionsaitheach nó maslach agus is dócha go spreagfaidh sé fuath in aghaidh grúpa daoine mar gheall ar a gcine, a ndath, a náisiúntacht, a reiligiún, a mbunús eitneach nó náisiúnta, a mballraíocht den lucht siúil nó a gclaonadh gnéis | Alt 2 den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989 |
| Ina híomhá gan iarraidh de baill ghiniúna duine a chruthaíonn míshuaimhneas, eagla nó scanradh | Alt 45 (1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 |
| Ina hiompar maslach de chineál gnéasach | Alt 45 (3) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 |
| Ina híomhá gnéis roinnte gan toiliú | Alt 3 den Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhíobhálach agus Cionta Gaolmhara 2020 |
| Ina hábhar a spreagann duine chun iarracht a dhéanamh féinmharú nó faisnéis a chuideodh leo é sin a dhéanamh | Alt 2(2) den Acht um an Dlí Coiriúil (Féinmharú) 1993 |
| Ábhar mí-úsáid ghnéis leanaí nó fógra d’ábhar mí-úsáid ghnéis leanaí | Alt 5(1) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 |
| Ina hábhar gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a spreagadh nó bagairt gníomh sceimhlitheoireachta a dhéanamh | Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 |

*Is achoimre ardleibhéil é an tábla. Ní comhairle dlí é. Ní léiríonn sé ach an oiread an seasamh a fhéadfaidh Coimisiún na Meán a ghlacadh i gcomhthéacs aon imeachtaí rialála a bhfuil brí na bhforálacha lena mbaineann i gceist leis.*

# Ábhar a bhfuil imní ag na húsáideoirí faoi a thuairisciú

Coimisiún na Meán

- D'fhéadfadh sé tarlú go bhfeicfidh úsáideoirí ábhar ar líne nach bhfuil siad sásta leis, nó a gceapann siad nár cheart dó a bheith ar líne. Ní h-ionainn sin agus a bheith cinnte go bhfuil an t-ábhar mídhleathach. **Ba cheart do na húsáideoirí ábhar a thuairisciú chuig an ardán ar a bhfaca siad é más rud é go bhfuil imní orthu faoi**, ach seachas an méid atá mídhleathach, tá cead a gcinn ag na hardáin a rialacha féin a shocrú maidir leis an ábhar atá ceadmhach.
- Tá dualgas dlí ar na hardáin mheán sóisialta is mó anois faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha (ASD) rialacha a bheith acu maidir le hábhar inghlactha agus ní mór dóibh na rialacha sin a chur san áireamh ina gcuid téarmaí agus coinníollacha, nó ina gcuid rialacha pobail. Caithfidh siad na rialacha seo a fhorfheidhmiú chomh maith. Ní mór dóibh córais a chur ar fáil do na húsáideoirí chun ábhar a mheasann siad atá mar shárú ar na rialacha a thuairisciú.
- Ligeann roinnt ardán ar líne d'úsáideoirí mífhaisnéis nó bréagaisnéis a thuairisciú. É sin ráite, **ní gá i gcónaí go mbeadh mífhaisnéis nó bréagaisnéis mídhleathach**.
- San áireamh le treoirlínte toghcháin ASD, mar shampla, tá moltaí le haghaidh ardáin chun luach airgid a bhaint d'ábhar bréagaisnéise agus chun rialacha a bheith ann agus iad a chur i bhfeidhm chun pearsantú iarratasóirí agus ábhar ionramháilte a chosc, cuir i gcás domhainbhrionnuithe, le bheith inaitheanta d'úsáideoirí. Féach na roghanna tuairiscithe ar shleamhnán 12 agus chuig Coimisiún na Meán ar shleamhnán 15.
- Níl an t-údaras ag Coimisiún na Meán nó ag aon chomhlacht poiblí eile dualgas a leagan gur gá ábhar a bhaint, mura bhfuil i gceist leis an mbonn ach gur mífhaisnéis nó bréagaisnéis atá san ábhar.

# Ábhar mídhleathach a thuairisciú ar líne

Coimisiún na Meán

- Ba cheart d'úsáideoirí ábhar mídhleathach a thuairisciú chuig an ardán ar a bhfaca siad é. De réir an dlí, ní mór do na hardáin ar líne córas tuarascála atá áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil do dhaoine chun iad a chur ar an airdeall go díreach faoi ábhar mídhleathach a d'fhéadfaidís a fheiceáil.

- Más rud é go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, ní mór don ardán ar líne gníomhú a thapa agus is féidir chun é a dhíchumasú nó é a bhaint.

- Ní mór don ardáin ar líne an úsáideoir a chur ar an eolas faoina chinneadh maidir leis an ábhar a tuairiscíodh laistigh d'am réasúnta agus eolas a chur ar fáil faoi roghanna chun achomharc a dhéanamh.

- Más rud é go bhfuil bagairt láithreach ar do shaol ann nó má tá tú faiteach faoi do shábháilteacht, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána i gcónaí ar 999 nó ar 112.

# An ceart chun gearán a dhéanamh faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha

Coimisiún na Meán

- Mura mbíonn úsáideoir sásta le cinneadh an ardáin ar líne maidir le fógra a thuairiscíonn ábhar mídhleathach, ní mór don ardán ar líne córas gearán atá áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil, saor in aisce.
- Tá sé mhí ag an úsáideoir ó dháta an chinnte chun gearán a chur isteach leis an ardán ar líne.
- Ní mór don ardán ar líne a chinneadh a chur in iúl don úsáideoir maidir leis an ngearán chomh maith lena fháthanna leis gan an iomarca moille. Chomh maith leis sin, ní mór dóibh comhairle a chur ar fáil maidir le hachomharc a lorg ar fhaitíos nach mbeadh an t-úsáideoir sásta leis an gcinneadh.
- Má chreideann an t-úsáideoir nach bhfuil oibleagáidí an ardáin ar líne comhlíonta aige faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha, is féidir leis gearán a dhéanamh do Choimisiún na Meán.

# An chaoi le hábhar nó ábhar mídhleathach a thuairisciú ar na hardáin

Coimisiún na Meán

**Gnáthnósanna imeachta chun ábhar a sháraíonn rialacha/téarmaí agus coinníollacha an phobail a thuairisciú**

- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Linkedin
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Youtube
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing

Ardáin eile: féach an nasc anseo le haghaidh tuilleadh eolais

**Nósanna imeachta chun ábhar mídhleathach a thuairisciú**

- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Youtube
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google
- An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing

# An méid a theastaíonn uait chun ábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú

Coimisiún na Meán

Teastóidh an méid seo uait má tá ábhar mídhleathach á thuairisciú agat.

- Míniú ar na cúiseanna go bhfuil an t-ábhar mídhleathach dar leat
- Suíomh an ábhair, cuir i gcás na URL(anna) beacht(a)
- D’ainm agus do sheoladh ríomhphoist, seachas i gcásanna a bhaineann le hÁbhar Drochúsáide Gnéasaí Leanaí
- Ráiteas ina ndeimhnítear do thuairim ionraic go bhfuil an t-eolas agus na líomhaintí atá san fhógra cruinn agus cuimsitheach

*Tabhair faoi deara, ag brath ar an ardán, go bhféadfaí tús a chur le hábhar mídhleathach a thuairisciú trí ghnáthnósanna imeachta tuairiscithe. Mar sin féin, ós rud go maíonn tú go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, d’fhéadfadh go mbeadh ort foirm ar leith a úsáid, ina mbeadh ort do ríomhphost agus na URLanna beachta a mheasann tú a bheith mídhleathach a thabhairt. D’fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht ann idir na foirmeacha seo ar fud na n-ardán.*

# Eolas agus Tacaíocht ar Fáil le haghaidh Iarratasóirí maidir le Toghcháin

Coimisiún na Meán

- Mol tacaíochta ar Meta (Facebook/Instagram - Déan teagmháil le: Meta Support Pro)
- Ionracas toghcháin ar TikTok
- Beartais le haghaidh bréagaisnéis toghcháin ar Youtube
- Chun meáin mhealltacha atá ginte ag IS agus ag a bhfuil tionchar ar d'fheachtas toghcháin a thuairisciú ar Bing

# Ceisteanna nó Gearáin do Coimisiún na Meán

Coimisiún na Meán

- Is féidir teacht ar eolas agus acmhainní a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus lenár ról a fháil anseo: www.cnam.ie/ga/sabhailteacht-ar-line.
- Is féidir teacht ar eolas maidir le gearán a dhéanamh agus maidir leis an bpróiseas gearán anseo: www.cnam.ie/ga/gearainarline.
- **Glaoigh orainn** ag ár n-ionad teagmhála: + 353 1 963 7755 (Dé Luain go dtí Dé hAoine, 8am go dtí 6pm)
- **Seol ríomhphost chugainn:** PoliticalRep@cnam.ie
- Tuigimid go bhfuil ganntanas ama ann le linn tréimhsí toghcháin. Más rud é go bhfuil fadhb feicthe agat maidir le hábhar ar líne, tabharfaimid tús áite do fhreagairtí chuig an seoladh ríomhphoist thuas.

Faire: Is féidir le Coimisiún na Meán gearáin a fháil ó úsáideoirí de sheirbhísí ar líne a chreideann nár chomhlíon soláthróir seirbhíse ar líne a n-oibleagáidí faoi Acht um Sheirbhísí Digiteacha an AE. **Níl** sé mar chuid de shainchúram Choimisiún na Meán **ról modhnóireachta ábhair,** chun feidhmiú mar chomhlacht achomhairc ó chinntí na soláthróirí de sheirbhísí ar líne i ndáil le hábhar mídhleathach, chun feidhmiú mar bhreitheamh i ndíospóireachtaí idir páirtithe éagsúla nó úsáideoirí éagsúla faoi ábhar mídhleathach. Ciallaíonn sé seo freisin nach bhfuilimid in ann ábhar a bhaint ar an bpointe boise ná go díreach, agus is é an chaoi is tapa chun d’fhadhb a réiteach ná tríd an ardán é féin. Is é an ról atá againn ná a chinntiú go bhfuil córais ghearáin i bhfeidhm ag na hardáin agus gurb iad atá á n-oibriú go dúthrachtach.

Coimisiún na Meán

# Acmhainní & tacaíocht

# Achmhainní agus Tacaíocht

Coimisiún na Meán

D’fhoilsigh roinnt eagraíochtaí eile a n-acmhainní eolais féin a bhaineann le toghcháin. Is féidir leat sampla díobh sin a fháil anseo:

- Rinne Women for Election i gcomhar leis an nGarda Síochána agus See Her Elected treoraíocht sábháilteachta a dhréachtú d'iarratasóirí i dtoghcháin: https://www.womenforelection.ie/
- An Coimisiún Toghcháin: www.electoralcommission.ie/framework
- An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála: https://ncsc.gov.ie/pdfs/NCSC_Cyber_Security_Political_Orgs_Candidates.pdf
- An Coimisiún Eorpach: Treoirlínte ón gCoimisiún do sholáthraithe Ardán an-Mhór ar Líne agus Inneall Cuardaigh an-Mhór ar Líne maidir le maolú rioscaí sistéamacha do phróisis thoghchánacha https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202403014

Is féidir leat eolas breise a fháil anseo freisin maidir le heolas míchruinn agus fíricí:

- The journal.ie: https://www.factchecking.ie
- Litearthacht sna Meáin, Éire / Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin: https://www.bemediasmart.ie/ga/

*Cuimhnigh:*

Coimisiún na Meán

| | |
|---|---|
| **FAINIC** | An bhfeiceann tú ábhar mídhleathach ar líne? |
| **SEOL TUAIRISC** | Ba cheart duit i gcónaí é a thuairisciú don ardán ina bhfeiceann tú é. |
| **SEAS ROIMHE** | Caithfidh na hardáin ábhar mídhleathach a bhaint. |

Coimisiún na Meán

www.cnam.ie